



Na Coimisinéirí Ioncaim

Ráiteas Cosanta Leanaí

Ráiteas Cosanta Leanaí

Ullmhaíodh an Ráiteas Cosanta Leanaí seo de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus na Treoracha Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí. Leagtar amach ann na prionsabail agus na nósanna imeachta a bhfuiltear le cloí leo le cinntiú, chomh fada agus is féidir, go bhfuil gach leanbh a dhéanann idirghníomhú leis na Coimisinéirí Ioncaim, slán ó dhíobháil.

Seirbhísí Ábhartha a Sholáthraítear

Ní sholáthraíonn na Coimisinéirí Ioncaim ‘seirbhísí ábhartha’ mar atá leagtha amach in Aguisín 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Tacaíonn na Coimisinéirí Ioncaim le forbairt a dhéanamh ar chumas leanaí agus daoine óga agus féadann éascú a dhéanamh ar shocraíocht sna Coimisinéirí Ioncaim do dhaltáí Idirbhliana agus d’intéirneachtaí faoi 18 mbliana d’aois. Féadann na Coimisinéirí Ioncaim, chomh maith, baill foirne a fhostú atá faoi 18 mbliana d’aois.

Cláir Idirbhliana agus Intéirneachtaí

Cé nach cuid d’chroí-fheidhm na gCoimisinéirí Ioncaim iad socraíochtaí do dhaltáí Idirbhliana agus d’intéirneachtaí sna Coimisinéirí Ioncaim, tá gníomhaíochtaí den chineál sin san áireamh i Sceideal 1 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, [go sonrach, alt 5(a) de Sceideal 1 i ndáil le soláthar deiseanna oiliúna do leanaí], mar sin, gabhann na dualgais seo a leanas leis na gníomhaíochtaí seo:

Leanbh a choinneáil slán ó dhíobháil le linn don leanbh a bheith ag fáil na seirbhíse [is é sin, ar an tsocraíocht];

Na rioscaí a mheasúnú; agus

Aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, mar a iarrtar faoin Acht, i Ráiteas Cosanta Leanaí na gCoimisinéirí Ioncaim.

Fostaithe faoi 18 mbliana d’aois

Féadtar earcaithe chun na gCoimisinéirí Ioncaim a earcú ó 16 bliana d’aois. Is faoin sainmhíniú ar leanbh a thiteann gach fostaí faoi 18 mbliana d’aois.

Ní thagann cúrsaí fostaíochta faoin sainmhíniú ar sholáthar seirbhísí ábhartha do leanaí mar atá leagtha amach i Sceideal 1 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. I gcás aon fostaí sna Coimisinéirí Ioncaim atá faoi 18 mbliana d’aois, áfach, tá na Coimisinéirí Ioncaim tiomanta don dea-chleachtas i ndáil le cosaint leanaí.

Tá na rioscaí atá ann d’fhostaithe faoi 18 mbliana d’aois mar an gcéanna leo siúd a bhaineann le daltaí/intéirneachtaí agus sa chomhthéacs sin, cuirfear na nósanna imeachta maolaitheacha atá leagtha amach in oiriúint de réir mar is cuí lena gcur i bhfeidhm i leith na bhfostaithe sin.

Sanntar fostaithe do Rannóga bunaithe ar fholúntais a thagann aníos ar bhonn buan, nó mar gheall ar bhaill foirne ag baint leas as bliain oibre níos giorra. I ndáil leis seo, féadtar fostaithe a shannadh d’oifig ar bith de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim i láthair ar bith timpeall na tíre. I ngach cás, tá daoine faoi 18 mbliana d’aois faoi fhreagracht an Cheannasaí Rannóige chuí ar feadh thréimhse a socraíochta.

Custaiméirí na gCoimisinéirí Ioncaim faoi 18 mbliana d’aois.

Tá cásanna ann ina bhféadfaidh sé go bhfuil custaiméir faoi 18 mbliana d’aois ag déileáil leis na Coimisinéirí Ioncaim. Is trínár seirbhísí ar líne, ar an bhfón agus tríd an ríomhphost a tharlaíonn an chuid is mó d’idirghníomhú na gCoimisinéirí Ioncaim lenár gcustaiméirí. Oibríonn na Coimisinéirí Ioncaim roinnt seirbhísí oifige poiblí agus seirbhísí coinne go náisiúnta, agus féadann gach custaiméir, lena n-áirítear iad siúd faoi 18, leas a bhaint as na seirbhísí seo. Chomh maith leis sin, féadfaidh sé in amanna go mbíonn idirghníomhú ag Oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim le leanaí faoi 18 mbliana d’aois ag na Cainéil Imreítigh Custam ag na pointí iontrála chun an Stáit, agus i gcásanna ina bhfuil coireanna amhrasta á n-imscrúdú.

Polasaí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim atá ann, i gcás aon idirghníomhú idir cáiníocóir neamhthionlactha faoi 18 mbliana d’aois agus Oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, nach mór don Oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a bheith tionlactha ag comhghleacaí eile oibre.

D’fhonn amhras a sheachaint, tugtar treoir do gach fostaí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim nach bhfuil siad le teagmháil duine ar dhuine neamhthionlactha a bheith acu le leanbh ar bith faoi 18 mbliana d’aois le linn a ndualgais oifigiúla a chur i gcrích nó le linn dóibh a bheith ar áitreabh na gCoimisinéirí Ioncaim.

Cásanna eile ina bhféadann sé go mbeidh leanaí ar áitreabh/in oifigí na gCoimisinéirí Ioncaim:

Tá Bainisteoirí Rannóige agus Brainse freagrach as cinntiú go mbíonn leanaí tionlactha ag a dtuismitheoirí agus caomhnóirí nuair atá siad ag freastal ar oifigí na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh imeachtaí sóisialta amhail cóisirí Nollag.

Tá Bainisteoirí Rannóige agus Brainse freagrach as an méid seo a leanas a chur i gcuimhne gach uair a tharlaíonn imeacht shóisialta a bhfuil leanaí páirteach ann:

‘Is ar a dtuismitheoirí/caomhnóirí ar an gcéad dul síos atá an fhreagracht as sábháilteacht leanaí a bhaineann leas as an imeacht seo. Ba chóir do thuismitheoirí/caomhnóirí i gcónaí maoirsiú a dhéanamh ar leanaí ar freastal, agus iad a thionlacan, agus iad ar áitreabh na gCoimisinéirí Ioncaim, le cinntiú go bhfuil an imeacht taitneamhach agus slán le haghaidh cách.’

Measúnú Riosca

An riosca aitheanta		An nós imeachta i bhfeidhm chun rioscaí a bhainistiú aitheanta
1	Riosca ó dhíobháil ó bhall foirne	<ul style="list-style-type: none">○ Measúnú riosca roimh shocraíocht le déanamh ag an mBainisteoir Rannóige○ Socraíochtaí do leanaí/daoine óga le bheith in oifigí plean oscailte amháin.○ Níor chóir go mbeadh teacht ar leanbh ar aon eolas, fisiciúil nó digiteach, nach mbeadh oiriúnach lena bhfeiceáil ag duine faoi aois.○ Is gá daltaí/intéirnigh na gCoimisinéirí Ioncaim agus fostaíthe faoi 18 mbliana d’aois a bheith tionlactha ag beirt bhall foirne nuair atá siad ag freastal ar oiliúint/obair.

		<ul style="list-style-type: none"> ○ Polasaithe rochtana idirlín TCF le tabhairt do gach leanbh faoi 18 mbliana d’aois ○ Is gá gach leanbh neamhthionlactha faoi 18 mbliana d’aois a bheith tionlactha ag beirt bhall foirne nuair atá siad ag freastal ar oiliúint/obair.
2	Riosca ó dhíobháil ó dhuine nach ball foirne iad	<ul style="list-style-type: none"> ○ Is gá gach leanbh faoi 18 mbliana d’aois a bheith tionlactha ag beirt bhall foirne nuair atá siad ag freastal ar oiliúint/obair.
3	Riosca ó dhíobháil nó ábhar imní gan a bheith aitheanta nó tuairiscithe	<ul style="list-style-type: none"> ○ Soláthar eolais foirne, maoirseacht agus oiliúint ar líne (Treoir-Oiliúint Náisiúnta na hÉireann um Chosaint agus Leas Leanaí – clár ríomhfhoghlama) ○ Nós Imeachta um Thuairisciú ○ Iarmhairtí Dlíthiúla agus Riaracháin mar thoradh ar neamhthuairisciú ○ Sainchomhairliúchán le húsáideoirí seirbhíse – daltaí Idirbhliana/Intéirneach agus fostaithe faoi 18 mbliana d’aois; ○ Soláthar an Ráitis Cosanta Leanaí ○ Eolas do bhainisteoirí agus do bhaill foirne ar leanaí a chosaint san ionad oibre.
4	Riosca neamhchomhlíontachta leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus leis an Treoir Náisiúnta.	<ul style="list-style-type: none"> ○ Próiseas dearbhaithe comhlíontachta ○ Daoine Ainmnithe Teagmhála
5	Riosca ó dhíobháil fhisiciúil ar áitreabh na gCoimisinéirí Ioncain	<ul style="list-style-type: none"> ○ Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta na gCoimisinéirí Ioncain agus rialuithe gaolmhara le tabhairt do agus le míniú do gach dalta Idirbhliana/Intéirneach agus Fostaí

Maolú Rioscaí

Is mar seo a leanas atá na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun na rioscaí a bhfuil achoimre orthu thuas a mhaolú:

Clár Idirbhliana/Intéirneach/Printíseachta

Ní mór gach Clár Idirbhliana sna Coimisinéirí Ioncain a bheith ceadaithe ag Rannóg Seirbhísí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncain. Tá Polasaí Cosanta Leanaí na gCoimisinéirí Leanaí le cur le gach ceann de na cláir Idirbhliana, Intéirneach agus Printíseachta de chuid na gCoimisinéirí Ioncain. Tá an Polasaí seo ann chun sábháilteacht, sláinte agus leas leanaí a ghlacann páirt sna cláir seo a chinntiú.

Sa pholasaí seo, cuirtear ar fáil do gach rannpháirtí:

- Cóip de Ráiteas Cosanta Leanaí na gCoimisinéirí Ioncain

- Ainm agus sonraí teagmhála baill foirne de chuid na gCoimisinéirí loncaim chun teagmháil a dhéanamh leo más mian leo aon cheisteanna/ábhair imní a thionscnamh maidir le mí-úsáid, bulaíocht, iompar míchuí, nó aon cheist ábhair imní don dalta Idirbhliana/duine óg
- Sonraí inár bPolasaí Tuairiscithe agus polasaí oiliúna i ndáil le Cosaint Leanaí
- Coinneoidh an Duine Ainmnithe Teagmhála clár lárnach de nochtuithe a dhéantar faoi Pholasaí Cosanta Leanaí na gCoimisinéirí loncaim.

Tá cóip den pholasaí seo faoi iamh in Aguisín 1.

Fostaithe faoi 18 mbliana d'aois

Mar chuid den Chlár Ionduchtúcháin sna Coimisinéirí loncaim, gheobhaidh gach ball foirne buan agus sealadach sna Coimisinéirí loncaim faoi 18 mbliana d'aois an méid seo:

- Cóip de Ráiteas Cosanta Leanaí na gCoimisinéirí loncaim
- Ainm agus sonraí teagmhála baill foirne de chuid na gCoimisinéirí loncaim chun teagmháil a dhéanamh leo más mian leo aon cheisteanna/ábhair imní a thionscnamh maidir le mí-úsáid, bulaíocht, iompar míchuí, nó aon cheist ábhair imní don dalta Idirbhliana/duine óg
- Sonraí inár bPolasaí Tuairiscithe agus polasaí oiliúna i ndáil le Cosaint Leanaí
- Coinneoidh an Duine Ainmnithe Teagmhála clár lárnach de nochtuithe a dhéantar faoi Pholasaí Cosanta Leanaí na gCoimisinéirí loncaim.

Struchtúr Tuairiscithe

Níl aon 'daoine sainordaithe' ag na Coimisinéirí loncaim mar atá sainmhínithe i Sceideal 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Tá Duine Ainmnithe Teagmhála (DAT) agus Leas-Dhuine Ainmnithe Teagmhála (Leas-DAT) sannta mar dhaoine cuí ag na Coimisinéirí loncaim chun chríocha an Achta um Thús Áite do Leanaí, de réir an dea-chleachtais i gcosaint leanaí. Is iad seo na daoine teagmhála i ndáil le gach ábhar imní cosanta leanaí taobh istigh de na Coimisinéirí loncaim. Tá siad freagrach as cinntiú go leantar na nósanna imeachta um thuairisciú taobh istigh den eagraíocht, ionas go gcuirtear ábhair imní leasa agus cosanta leanaí ar aghaidh go pras chuig Tusla. Gníomhóidh siad mar phointe teagmhála do na daoine teagmhála cuí i ngach Aonad Acmhainní Daonna Rannóige le haghaidh tuairisciú ábhar imní cosanta leanaí agus déanfaidh teagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha, de réir mar a iarrtar é.

Is é an Duine Ainmnithe Teagmhála an Príomhoifigeach san Aonad Straitéise Acmhainní Daonna: Sonraí teagmhála:

Is é an Leas-Dhuine Ainmnithe Teagmhála an Príomhoifigeach Cúnta san Aonad Straitéise Acmhainní Daonna: Sonraí Teagmhála

Aguisín 1

Polasaí Cosanta Leanaí na gCoimisinéirí Ioncaim d'fhostaithe agus daltaí faoi 18 mbliana d'aois.

Ní mór gach clár Idirbhliana/Intéirneach a bheith ceadaithe ag an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha. Tá polasaithe dochta leagtha amach i ndáil leis na cláir seo, ina gcuirtear san áireamh nósanna imeachta chun sábháilteacht, sláinte agus leas daoine fásta agus leanaí a ghlacann páirt sna cláir seo a chinntiú.

Sna polasaithe seo, cuirtear ar fáil do gach rannpháirtí:

Cóip de Ráiteas Cosanta Leanaí na gCoimisinéirí Ioncaim

Ainm agus sonraí teagmhála baill foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim chun teagmháil a dhéanamh leo más mian leo aon cheisteanna/ábhair inmí a thionscnamh maidir le mí-úsáid, bulaíocht, iompar míchuí, nó aon cheist ábhair inmí don dalta Idirbhliana/duine óg,

Cuirfear na sonraí teagmhála seo agus cóip den ráiteas cosanta leanaí ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí fostaithe/daltaí agus intéirneach faoi 18 mbliana d'aois.

Cuirfear na sonraí teagmhála seo ar fáil do bhainisteoir líne/maoirseoir na ndaoine óga faoi 18 mbliana d'aois, agus cuirfear in iúl dóibh, maidir le hábhair inmí cosanta leanaí a thionscnaíonn aon duine de na daoine óga faoi 18 mbliana d'aois le linn na socraíochta, gur chóir iad a thuairisciú don duine teagmhála cuí.

Is é Príomhoifigeach/Príomhoifigeach Cúnta na nAonad Acmhainní Daonna Rannóige a bheidh mar dhuine teagmhála cuí, ach amháin má tá an tsocraíocht in aonad den chineál sin. Sa chás sin ainmneofar ball foirne ó Rannóg eile (Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha). (Príomhoifigeach/Príomhoifigeach Cúnta Straitéis Acmhainní Daonna na Rannóige Seirbhísí Corparáideacha)

Gheobhaidh gach ball foirne a bheidh ag déileáil le daltaí Idirbhliana nó a bheidh ag obair le fostaithe faoi 18 mbliana d'aois cóip, agus síneoidh siad cóip, de Ráiteas Cosanta Leanaí na gCoimisinéirí Ioncaim, agus beidh an oiliúint ríomhfhoghlama Tús Áite do Leanaí déanta ag an gcomhordaitheoir cláir/oifigeach teagmhála/bainisteoir foirne.

Arna chur ar socraíochta sna Coimisinéirí Ioncaim, bíodh sé ar bhonn foirmiúil nó ar bhonn neamhfhoirmiúil, agus ar feadh aon chineál tréimhse:

Sannfar oifigeach teagmhála/bainisteoir don duine faoi 18 mbliana d'aois agus déanfaidh an té sin an clár a bhainistiú/an obair chuí a leithdháileadh,

Cinntoidh an t-oifigeach teagmhála/bainisteoir nach n-iarrfar ar an dalta/fostaí teagmháil duine ar dhuine neamhthionlactha a bheith acu le haon bhall foirne, iad féin san áireamh, ná cliaint de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim,

Cuirfear an dalta/fostaí ar an eolas faoi pholasáí meán sóisialta na gCoimisinéirí Ioncaim, agus ní cheadófar aon teagmháil meán sóisialta le haon bhall foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar feadh thréimhse na socraíochta

Cuirfear an dalta/fostaí ar an eolas faoi (agus tabharfar cóip dóibh) de Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse, agus tagairt shonrach don rannán Iompar ag an Obair: Caidreamh le Comhghleacaithe

Agus socraíochtaí á ndeimhniú do dhaoine óga faoi 18 mbliana d'aois, déanfar cúram de gan daoine óga/daltaí a chur ar socraíocht in aonaid ina bhféadfaidh sé go gcuirfeadh sé isteach orthu nó go mbeadh sé míchuí dóibh a bheith nocht d'ábhar na hoibre.

Mar chuid de na rialacha agus na nósanna imeachta sa Ráiteas Cosanta Leanaí, cuirfear in iúl do gach ball foirne a bheidh ag déileáil le daltaí Idirbhliana/daoine óga faoi 18 mbliana d'aois, go gcaithfear ábhair imní um chosaint leanaí a thuairisciú don Duine Ainmnithe Teagmhála.

Nuair a bheidh na baill foirne uile san Aonad tar éis cóip a fháil de Ráiteas na gCoimisinéirí Ioncaim um Chosaint Leanaí a fháil agus a shíniú taobh istigh de na 12 mhí roimhe, deimhneoidh Ceannasaí Rannóige an Aonaid dá bhfuil an dalta Idirbhliana nó duine óg faoi 18 mbliana d'aois sannta, an méid sin d'Aonad Acmhainní Daonna na Rannóige sula ndéantar an tsocraíocht;

Ar fhágáil an duine aonair, seiceálfaidh Ceannasaí an Aonaid ábhartha leis an duine teagmhála ainmnithe leis an dalta/intéirneach/fostaí agus le gach ball foirne de chuid an Aonaid sin, cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh aon nochtuithe nó ar ardaíodh aon ábhair imní, agus má rinneadh, gur cuireadh iad ar aghaidh go cuí chuig an duine Teagmhála Ainmnithe.

Coinneoidh an Duine Ainmnithe Teagmhála clár lárnach de nochtuithe a dhéantar faoi Pholasaí Cosanta Leanaí na gCoimisinéirí Ioncaim.

Cuirfidh na Rannóga áitiúla Acmhainní Daonna ar fáil ina nósanna imeachta agus ina bpolasaí d'fhostú daltaí/fostaithe faoi 18 mbliana d'aois, riachtanas go gcuirfí Bainisteoir an Aonaid dá bhfuil siad sannta ar an eolas go bhfuil siad faoi 18 mbliana d'aois agus go gcuirfidh siad ar fáil don bhainisteoir sin cóip de Ráiteas Cosanta Leanaí na gCoimisinéirí Ioncaim.